Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Márta 2025
(OR. en)

7490/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0051(NLE)**

**IXIM 64**
**ENFOPOL 98**
**JAIEX 30**
**AVIATION 35**
**CDN 1**
**JAI 376**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7323/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil<br>– Glacadh |

1. An 19 Deireadh Fómhair 2017, thíolaic an Coimisiún moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a úsáid chun an sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta eile a chosc agus a chomhrac.

2. An 7 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú agus thug sí na treoracha caibidlíochta riachtanacha don Choimisiún. Cuireadh an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 218 (10) CFAE an 11 Nollaig 2017.

4. An 4 Márta 2024, tar éis don chaibidlíocht a bheith tugtha chun críche, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil[1], agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil[2].

5. An 25 Aibreán 2024, thug Éire fógra d'Ardrúnaíocht na Comhairle gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na gCinntí atá beartaithe ón gComhairle.[3]

6. An 13 Meitheamh 2024, i bhfianaise an mhéid thuas, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

   – ghlac sí an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontuithe mar a leagtar amach in 8895/24 é, mar aon le téacs an chomhaontaithe mar a leagtar amach in 8896/24 é (téacsanna ar chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch orthu);

   – chinn sí go gcuirfeadh sí Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle maidir le síniú an chomhaontaithe;

   – chinn sí go gcuirfeadh sí an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 8897/24 é agus mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

7. An 12 Márta 2025, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích.

[1] 7315/24 + ADD 1
[2] 7323/24 + ADD 1.
[3] 9352/24

8. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 8897/24, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.